



Comhairle Contae Loch Garman Plean Corparáideach

2019 - 2024



Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

Clár na nÁbhar

Réamhfhocal	2
Maidir leis an bPlean seo	4
1.0 Ráiteas Misin	5
2.0 Fís	6
3.0 Luachanna	7
4.0 Piléir	8
5.0 Aidhmeanna agus Cuspóirí	10
Loch Garman atá Níos Fearr	10
Loch Garman atá Glan agus Glas	13
Cur leis an saol i Loch Garman	15
Barr Feabhais do Chontae den Scoth	21
6.0 An Plean atá againn a chur i bhFeidhm agus Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh air	24
Aguisín 1. Liosta Tascach de Straitéisí/Pleananna a imríonn tionchar ar Gníomhaíochtaí Comhairle Contae Loch Garman	27
Aguisín 2. Liosta Sonraí Bonnline	31
Aguisín 3. Struchtúr Eagraíochtúil	47
Aguisín 4. Comhaltaí Tofa	48
Aguisín 5. Grúpa Beartais Chorporáidigh	50
Aguisín 6. Coistí um Beartais Straitéiseacha	51
Aguisín 7. Príomhghníomhaíochtaí	52
Aguisín 8. Timpeallacht Oibríochta & Acmhainneacht Inmheánach	55



Réamhfocal

Feidhmíonn an Plean Corparáideach mar chreat straitéiseach ina leagtar amach cuspóirí ardleibhéil eagraíochtúla na Comhairle mar a nglacann Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Loch Garman leo. Rinneadh an plean seo a fhorbairt i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh.

Cuirtear aidhmeanna agus cuspóirí na Comhairle ar fáil faoi ceithre philéar:



**Loch Garman
atá Níos Fearr**



**Loch Garman
atá Glan
agus Glas**



**Cur leis an Saol
i Loch Garman**



**Barr Feabhais
do Chontae
den Scoth**

Tacófar leis na haidhmeanna agus leis na cuspóirí ardleibhéil atá glactha leo sa Phlean Corparáideach trí Bhuiséid Bhliantúla na Comhairle agus trína Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla.

Leagtar amach níos mionsonraithe sna Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla, nach mór don Chomhairle glacadh leo, an bealach ina mbainfear amach Cuspóirí an Phlean Chorparáidigh ar bhonn bliain ar bhliain thar thréimhse 5 bliana an Phlean.

Tagann foilsiú Phlean Corparáideach 2019 - 2024 ag am lena mbaineann dúshlán, tionchar an Bhreathimeachta nach eol fós agus tosca seachtracha eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon atá i ndán do Chomhairle Contae Loch Garman.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeidh tionchar ag tosca inmheánacha ar nós fáil a bheith ar acmhainní airgeadais agus foirne ar bhaint amach aidhmeanna agus chuspóirí an Phlean.

Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán seo, tá líon forbairtí dearfacha ar na bacáin do Chontae Loch Garman.

Ag an bpointe seo bhí deis ag na hathruithe ar chóras an rialtais áitiúil a tugadh isteach sa bhliain 2014 agus ag tabhairt isteach an LCDC a theacht i bhfeidhm agus cuireann siad ardán ar fáil le seirbhísí ar ardchaighdeán agus caidreamh oibre leis an bpobal a chur ar fáil.

Cuirfidh críochnú Sheachbhóthar Inis Córthaidh in éineacht le tabhairt chun críche Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin buntáistí suntasacha ar fáil do ghnólachtaí i gContae Loch Garman.

Mar fhocal scoir, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ar thionscadail atá san áireamh i gClár Infheistíochta Eacnamaíochta agus Pobail na Comhairle 2018 - 2022, ar ghlac Comhaltaí Tofa na Comhairle leo sa bhliain 2018. Beidh toradh le feiceáil ar fhormhór na dtionscadal seo thar shaolré an Phlean Chorporáidigh.

Tá na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann tiomanta go hiomlán do chur i bhfeidhm an Phlean seo agus tá siad ag tnúth go mór le dul i mbun oibre le comhlachtaí reachtúla, deonacha agus pobail éagsúla le cuspóirí an Plean seo a bhaint amach agus áit níos fearr le maireachtáil, le hoibriú agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh do Loch Garman.



An Comhairleoir Michael Sheehan
Cathaoirleach
Comhairle Contae
Loch Garman



Tom Enright
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
Comhairle Contae
Loch Garman

Maidir leis an bPlean seo

Teastaíonn ó Chomhairle Contae Loch Garman an contae is fearr is féidir le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le gnó a dhéanamh ann, a dhéanamh de Loch Garman. Sainmhínítear agus cuirtear chun cinn sa phlean seo an bealach ina dteastaíonn uainn é sin a bhaint amach. Leagtar amach ann ár bhfís, luachanna agus cuspóirí. Tarraingítear le chéile an bealach ina dteastaíonn uainn é sin a dhéanamh trína daoine go léir is tábhachtaí a thabhairt san áireamh agus tugtar an deis don uile dhuine a bheith rannpháirteach.



1.0 Ráiteas Misin - An Méid atá Uainn









**A bheith díograiseach
agus uailmhianach ag obair do
Loch Garman agus contae beo,
bríomhar den scoth a
chur ar fáil.**



2.0 Fís - an Méid atá á Feiceáil Againn don Am atá Romhainn

Fostaíocht
OSCAILTE DO CHÁCH
Fiontar
Forbairt
Nuálaíocht
Seirbhís
DAOINE
ÁITIÚIL
Domhanda
An Tuath
Glan
Sábhálte
Glas
Barr Feabhais
Pobal
Inbhuanaithe
Cultúr
CÓSTA
Folláin
Cruthaitheacht
Éifeachtúil
Infheistíocht
Comhpháirtíocht

3.0 Luachanna - An Méid is Mian linn a Dhéanamh

-  **An uaillmhian atá againn don chontae agus do mhuintir an chontae**
-  **Dul i mbun oibre le dúthracht agus le macántacht**
-  **Todhchaí glas le comhghníomhaíocht in aghaidh athrú aeráide**
-  **Cuntasacht agus comhoibriú**
-  **Freagracht shóisialta agus comhionannas deise**
-  **Dul chun cinn agus nuálaíocht**
-  **Ag stiúradh agus ag gníomhú ar mhaithe le fás**
-  **Treallús a chur faoi bharr feabhais**

4.0 piléir



Loch Garman atá Níos Fearr




Loch Garman atá Glan agus Glas



Cur leis an Saol i Loch Garman



Barr Feabhais do Chontae den Scoth



Próifíl de Chontae Loch Garman

Ceantair Bhardasacha Loch Garman 2019


 *Inis Córthaidh*

 *Guaire - Cill Mhucraise*

 *Ros Mhic Thriúin*

 *Ros Láir*


 *Loch Garman*



5.0 Aidhmeanna agus Cuspóirí - An méid atá á dhéanamh againn ina leith

Loch Garman atá níos fearr

Leanfaimid orainn ag cur Loch Garman chun cinn mar áit iontach le maireachtáil ann, le gnó a dhéanamh ann, ag feidhmiú chun acmhainn eacnamaíoch agus bonneagair an chontae a neartú agus a fhás.



a. Fiontraíocht agus Cruthú Fostaíochta

Oibreimid lena chinntiú go ndéanfaidh cláir athghiniúna agus forbartha cothú ar fhiontraíocht, go dtacóidh siad le SMEanna atá ann cheana féin, go gcruthófar deiseanna nua fostaíochta, scileanna agus oiliúint go háitiúil do mhuintir Loch Garman.

- ◆ Oibreimid go dlúth le ceannairí tionscail, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun cur le hinfheistíocht i Loch Garman.
- ◆ Feidhmeimid Plean Gníomhaíochta do phoist ag leibhéal contae agus réigiúnach chun fostaíocht chruthú.
- ◆ Cuirfimid tacaíochtaí cuimsitheacha ar fáil do SMEanna nua agus do SMEanna atá ann cheana féin le fiontraíocht, nuálaíocht agus iomaíochas a fhorbairt.
- ◆ Déanfaimid ár bpobail uirbeacha agus a tuaithe a fhorbairt mar innill fáis eacnamaíoch ag cruthú contae Loch Garman mar áit iontach le gnó nua a thosaigh ann.
- ◆ Suímh, láithreáin agus aonaid chothaithe fiontair straitéiseacha a chruthóidh agus a thacóidh le forbairt inbhuanaithe ar fud an chontae a fhorbairt go samhlaíoch.
- ◆ Na príomhshráideanna inár mbailte agus sráidbhailte a fhorbairt ina n-ionaid gheilleagracha agus miondíola.
- ◆ Cinnteoidimid go gcuireann ár straitéisí an méid is fearr is féidir le deiseanna agus go n-íoslaghdófar tionchair an Bhreatimeachta.
- ◆ Cur lenár gclú do bhia ceardaí ar ardchaighdeán agus fiontar earnála.
- ◆ Tacú le fórsa saothair oilte ar a bhfuil sár-oideachas agus an seasamh a thabhairt do Loch Garman mar chuid den gheilleagar eolasbhunaithe iomaíoch.

b. Tacú leis an Turasóireacht agus í a Spreagadh

Is contae sárscéimhe é Loch Garman le cultúr, oidhreacht agus cósta an-spéisiúil. Cinnteoidimid go gcuirfear na hacmhainní nádúrtha seo chun cinn agus go mbeidh meas orthu chun straitéis chomhtháite a fhorbairt don turasóireacht.

- ◆ Bealaí siúlóide agus rothaíochta a fhorbairt trí líonraí glasbhealaí agus gormbhealaí a bhunú.
- ◆ An bonneagar mara a chosaint agus a fhorbairt, trána agus calafoirt ina measc agus iad a bheith ina gcinn scríbe tarraingteacha do ghnó agus do thurasóireacht.
- ◆ Cur le clú agus le huirlisí margaióchta Tabhair Cuairt ar Loch Garman, Blaiseadh de Loch Garman agus Sean-Oirthear na hÉireann.
- ◆ Iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil réimse leathan cóiríochta a bhaineann le turasóireacht ar fáil chun freastal ar an bhfás i líon na gcuariteoirí a bhfuiltear ag súil leis.
- ◆ Turasóireacht idirnáisiúnta agus inbhuanaithe ar feadh na bliana a chruthú.
- ◆ Oibriú chun cur le hamchlár spreagúil imeachtaí poiblí, féilte agus gníomhaíochtaí cultúir agus iad a spreagadh ar fud Loch Garman.
- ◆ Maoiniú agus infheistíocht a mhealladh le haghaidh nithe is díol spéise agus do thaithí thurasóireachta.



C. forbairt bonneagair a chur chun cinn

A bheith chun tosaigh chun bonneagar ríthábhachtach a chur ar fáil don chontae, feabhas a chur ar nascacht agus acmhainneacht chun geilleagar nua-aimseartha atá ag fás a chumasú.

- ◆ Tuilleadh infheistíochta agus feabhsúcháin a aimsiú don chontae agus don líonra bóithre faoin tuath. Cur lenár ngeataí idirnáisiúnta ag Calafort Euro Ros Láir agus ag Aerfort Phort Láirge, ag cur le nascacht agus le trádáil.
- ◆ Comhordú a dhéanamh ar sholáthar nascachta inbhuanaithe atá inrochtana go domhanda do sholáthróirí iompair.
- ◆ A chinntiú go bhfuil acmhainn uisce agus séarachais leordhóthanach i ngach cuid den chontae chun deis a thabhairt dóibh cur le riachtanais ar bhonn áitiúil agus freastal orthu.
- ◆ Forbairt a dhéanamh ar straitéis bainistíochta talún agus réitigh réadmhaoine atá ar ardchaighdeán chun athghiniúint a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte ag teacht le Plean Forbartha an Chontae. Soláthar a dhéanamh chun tionscadail réimse poiblí atá ar ardchaighdeán inár mbailte agus sráidbhailte a fhorbairt chun tacú leis na hearnálacha miondíola, tráchtála agus turasóireachta;
- ◆ Tacú le leathanbhanda ardluais a chur ar fáil ar fud an chontae agus oibriú le barrfheabhsú digiteach agus oiriúnú teicneolaíochta a chinntiú.
- ◆ Soláthar tithíochta inacmhainne ar ardchaighdeán a spreagadh agus infheistíocht a dhéanamh ann le freastal ar riachtanais an daonra atá ag dul i méid.
- ◆ Comhoibriú le comhpháirtithe le giniúint fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn don am atá romhainn. Comhlíonadh rialachán agus reachtaíochta a chinntiú maidir le forbairtí san Earnáil Phríobháideach trí ghníomhaíocht Rialaithe Tógála atá láidir agus spriocdhírthe.
- ◆ Contae Folláin a chur chun cinn trí thimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta a fheabhsú le háit bhríomhar, inrochtana, folláin agus inbhuanaithe le maireachtáil ann, le hoibriú agus le do scíth a ligean ann a chruthú.



Loch Garman atá Glan agus Glas

Oibreoidimid le timpeallacht fholláin a chur ar fáil trí oideachas agus rialachán; leis an timpeallacht nádúrtha agus tógtha a fheabhsú agus a chaomhnú; agus le bonneagar caithimh aimsire ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail agus leas cuairteoirí.



a. Meas a léiriú ar an Timpeallacht Nádúrtha agus ar an Timpeallacht ar de Dhéantús an Duine í agus í a Fheabhsú

Oibreoidimid leis an timpeallacht nádúrtha agus le héiceachórais an chontae a chosaint; an taobh tíre agus an cósta; agus an oidhreacht thógtha agus an oidhreacht ar de dhéantús an duine í a chosaint.

- ◆ Caomhnú agus feabhsú an tírdhreacha nádúrtha agus muirdhreach nádúrtha an chontae, a n-oidhreacht stairiúil agus ailtireachta agus a ngnéithe seandálaíochta a chinntiú.
- ◆ Oibriú leis an OPW le tionscadail Cosanta Tuilte a chur i bhfeidhm.
- ◆ Páirceanna, spásanna glasa, tráanna agus limistéir fhiáine a chosaint ar mhaithe le leas an uile dhuine.
- ◆ Díriú ar thréigean agus ar laghdú na Timpeallachta Tógtha.
- ◆ Timpeallacht atá saor ó bhruscar a chur chun cinn i gcomhar le pobail áitiúla.
- ◆ Feasacht timpeallachta laistigh den chontae a fheabhsú agus tacú leis.

b. Dul i nGleic le hAthrú Aeráide

Aithnítear athrú aeráide mar dhúshlán domhanda agus teastaíonn freagraí beartais le tionchair athraithe aeráide a laghdú agus chun dul in oiriúint do na hiarmhairtí dosheachanta a bhaineann leis.

- ◆ Straitéis Oiriúnaithe Athraithe Aeráide Chontae Loch Garman a chur i bhfeidhm.
- ◆ A chinntiú go mbíonn na breithnithe athraithe aeráide seo lánpháirithe i ngach plean, beartas, oibríochtaí agus feidhmeanna Chomhairle Contae Loch Garman.
- ◆ Leanúint de bhearta maolaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de Chomhairle Contae Loch Garman.
- ◆ Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus tuarascáil a thabhairt ar dhul chun cinn ar bhonn bliantúil.
- ◆ Dul in oiriúint agus dúshlán athraithe aeráide a bhainistiú i gceantair cois cósta.

C. An Bithéagsúlacht a Chur Chun Cinn

Tá ár bPlean Gnímh Bithéagsúlachta ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar an mbealach ina ndéanfar bainistiú agus cosaint sna cúig bliana atá amach romhainn ar acmhainní fiadhúlra sa Chontae, lena n-áirítear plandaí, ainmhithe agus na héiceachórais dhúchasacha a chuireann siad ar fáil agus iad curtha i dtoll a chéile.

- ◆ Glacadh le Plean Bithéagsúlachta nua do 2019 - 2024.
- ◆ Pailneoirí a chosaint agus tacú leo a dtugtar breac-chuntas ina leith sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2015 - 2020.
- ◆ Straitéis chun crainn dhúchasacha a chur a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

d. Timpeallacht Fholláin a Chothabháil

Soláthar a dhéanamh do bhainistiú agus do rialáil na timpeallachta trí oideachas, feasacht, monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach ó thaobh uisce, caighdeán aeir, bainistiú agus astuithe dramhaíola.

- ◆ Reachtaíocht timpeallachta AE agus náisiúnta a fhorfheidhmiú chun caighdeán aeir agus uisce a chosaint agus a fheabhsú.
- ◆ Monatóireacht a dhéanamh air agus reachtaíocht agus ceadúnú bainistíochta dramhaíola AE agus náisiúnta a fhorfheidhmiú.
- ◆ Leanúint le mearfhreagra a chur ar fáil ó thaobh cúrsaí forfheidhmithe dramhaíola.
- ◆ Oibleagáidí maidir le Rialú Madraí agus Rialú Capall a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

Cur leis an Saol i Loch Garman

Cuirfidh Comhairle Contae Loch Garman seirbhísí cuimsitheacha atá ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le forbairt shóisialta inbhuanaithe, cur le hacmhainneacht agus ceannaireacht pobail, cur le caipiteal cultúir agus an caighdeán saoil a fheabhsú dár saoránaigh go léir.

a. Roghanna Tithíochta a Chur ar Fáil

- ◆ Clár Náisiúnta um Thithíocht Shóisialta (Atógáil Éireann 2016 - 2021) a chur ar fáil.
- ◆ Bogadh i dtreo thithe atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus atá níos éifeachtúla agus an caighdeán tithíochta nZEB (Foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh) ná foirgneamh a bhfuil ardfheidhmíocht fuinnimh ann, a chur i bhfeidhm.
- ◆ Tacú le riachtanais dhaoine atá faoi mhíchumas trí thithíocht oiriúnach a chur ar fáil.
- ◆ Deiseanna tithíochta inacmhainne a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Tithíochta.
- ◆ Tacaíochtaí a chur ar fáil don mhaireachtáil neamhspleách trí raon deontas tithíochta a chur ar fáil.
- ◆ Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 a chur ar fáil.
- ◆ Straitéis Tithe Folmha 2018 – 2021 a chur i bhfeidhm.
- ◆ Díriú ar easpa dídine agus sin a laghdú.
- ◆ Tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chur i bhfeidhm.
- ◆ Tacú le Clár Athlonnaithe Dídeanaithe lena lánpháirtiú isteach sa phobal áitiúil a éascú.
- ◆ Feabhas a chur ar chaighdeán atá ag cóiríocht ar cíós trí chigireacht agus forfheidhmiú.



b. Contae atá Láidir agus Cuimsitheach a chruthú

Cuirfimid ceannaireacht éifeachtach ar fáil a thacaíonn le comhoibriú agus leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní.

- ◆ Oibriú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016 - 2022 a chur ar fáil.
- ◆ Creat láidir a sholáthar chun seachadadh éifeachtach a dhéanamh ar bhuiséid, seirbhísí agus scéimeanna deontais forbartha áitiúla.
- ◆ Taighde leanúnach a dhéanamh chun cur lenár dtuiscint ar riachtanais ár saoránach agus ár bpobal.
- ◆ Bunachar sonraí comhroinnte de ghníomhaíocht forbartha pobail a chruthú chun réimsí óna dteastaíonn tuilleadh tacaíochta a aithint.
- ◆ Tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil chun dul i ngleic le bochtaineacht, daoine faoi mhíbhuntáiste agus scoite amach go sóisialta agus cur le feasacht agus le glacadh scéimeanna maoinithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.
- ◆ Tacú le Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil le torthaí níos fearr a sheachadadh do Phobal an Lucht Siúil.
- ◆ Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn faoin Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach 2017- 2020 agus creat áitiúil a fhorbairt do Chontae Loch Garman.



C. Pobail atá Láidir, Cuimsitheach agus Sábháilte a Chruthú

Pobail atá gníomhach a chur chun cinn trí thacú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta, a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla agus gníomhaíocht pobail a chur chun tosaigh.

- ◆ Tacú le ceannairí áitiúla le torthaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ina bpobail féin.
- ◆ Saoránacht ghníomhach a chur chun cinn trí thacú le féilte, imeachtaí agus tionscadail timpeallacht áitiúla.
- ◆ Feabhas a chur ar fheasacht agus idirghníomhaíocht leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail laistigh de Chomhairle Contae Loch Garman agus lenár bpáirtithe leasmhara.
- ◆ Rannpháirtíocht i scéimeanna aitheantais áitiúla agus náisiúnta ar nós Coinnigh Loch Garman go hÁlainn agus Mórtas Áite agus Comórtas na mBailte Slachtmhara.
- ◆ Tacú le hoibriú éifeachtach an Chomhfhóiraim Póilíneachta agus bearta ábhartha ar mhaithe le coiriúlacht, neamhord agus iompar frithshóisialta sa phobal a chosc.
- ◆ Clár teacht aniar bunaithe ar riachtanais a chur i bhfeidhm lena chur ar chumas pobail áitiúla a bheith níos fearr ó thaobh a bheith ábalta brath orthu féin agus chun go mbeidh siad ullmh le haghaidh a thabhairt ar chásanna díobhálacha mar éigeandáil.
- ◆ A chinntiú go ndéanfaimid timpeallachtaí agus saoráidí inrochtana a chothaíonn rochtain uilíoch a chur ar fáil.
- ◆ A chinntiú go bhfaigheann saoránaigh atá níos sine tacaíocht trí raon tionscnaimh spriocdhírthe agus trí chlár Comhbhá Contae.
- ◆ A chinntiú go mbíonn Comhairle Contae Loch Garman ina príomhchomhpháirtí ar Choiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga i gContae Loch Garman ar mhaithe le feabhas a chur ar shaol leanaí, daoine óga agus teaghlaigh ag leibhéal áitiúil agus pobail.
- ◆ Feabhas a chur ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga trí Chomhairle na nÓg.



d. Ealaíon, Cultúr agus Oidhreacht

Déanfaidh Comhairle Contae Loch Garman rannpháirtíocht sna hEalaíona, i ngníomhaíochtaí cultúir agus i gceiliúradh ár n-oidhreacht mar ghnéithe tábhachtacha d'fholláine an phobail agus atá lánach ó thaobh comhfhorbairt áite a spreagadh.

- ◆ Rannpháirtíocht a thabhairt don Phobal sna hEalaíona mar thionscnóirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.
- ◆ Comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt chun cur le cumas agus le hinfreastruchtúr in earnáil na n-ealaíon.
- ◆ Cur le caighdeán saoil, caighdeán áite agus caighdeán fostaíochta trí **Phlean Ealaíon Loch Garman 2018 - 2022 a sheachadadh**.
- ◆ Cur le síneadh na Seirbhíse Leabharlainne a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i **bPlean Forbartha 2020 - 2025**. Bainfimid amach an méid sin trí infheistíocht i bhfoirgnimh, i seirbhísí agus leis an méid atá á thairiscint ar líne agus trí sheachadadh a dhéanamh ar chlár chultúir a spreagann litearthacht, foghlaim, fiontraíocht, folláine agus saoránacht ghníomhach.
- ◆ Oifigeach Oidhreacht a cheapadh leis an bhfeidhm oidhreacht laistigh den chontae a bhainistiú ar bhealach straitéiseach agus comhordaithe.
- ◆ Clár Comórtha atá cuimsitheach agus machnamhach a sheachadadh i Loch Garman do Dheich mBliana na gCuimhneachán.
- ◆ Foireann Cultúir atá láidir a fhorbairt le seachadadh a dhéanamh ar chlár Éire Ildánach agus cur le rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht chultúir.
- ◆ Seachadadh a dhéanamh ar thionscadail reatha Interreg; Ceangail Ársa, Buccanier, Bealaí Ceilteacha, Calafóirt san Am atá Caite agus san Am i Láthair, lena lánacmhainneacht a bhaint amach agus cur lenár gcumas le maoiniú breise AE a mhealladh do thionscadail ábhartha.



e. Folláine a Sheachadadh

Tá Comhairle Contae Loch Garman tiomanta do thacaíocht a thabhairt do Loch Garman Shláintiúil, áit inar féidir leis an uile dhuine taitneamh a bhaint as sláinte fhisiciúil agus as meabhairshláinte agus a lánacmhainneacht a bhaint amach ó thaobh folláine.

- ◆ Meabhairshláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn sa phobal trí thionscnaimh feasachta, cláir shonracha agus bonneagar cuí.
- ◆ Plean Chontae Sláintiúil Loch Garman 2020 - 2022 a sheachadadh.
- ◆ Fo-choiste de Chontae Sláintiúil Loch Garman a bhunú agus Comhordaitheoir Éire Shláintiúil a cheapadh.
- ◆ Tacú le forbairt saoráidí súgartha agus caithimh aimsire pobail trí Straitéis Clósanna Súgartha Chontae Loch Garman 2017 - 2022.
- ◆ An clár Áitiúil Comhpháirtíochta Spóirt a sheachadadh ionas go mbeidh an uile dhuine á spreagadh chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil; chun a bheith gníomhach go fhisiciúil ar fud gach céim den saol; agus a spriocanna pearsanta a bhaint amach.
- ◆ Tionscadail nua caithimh aimsire cinn scríbe Páirc Cheantair Ghuaire, Páirc Min Ryan, Ionad Gníomhaíochta Carrigfoyle, Glasbhealach Ros Mhic Thriúin-Phort Láirge, Glasbhealach Ros Láir-Phort Láirge agus Glasbhealaí Churrach Cló-Loch Garman a sheachadadh.
- ◆ Tacú le Cosáin Siúlóide Loch Garman chun cothabháil agus cur cinn a dhéanamh ar chosáin atá ann cheana féin agus chun cosáin nua a fhorbairt.



f. Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Aithníonn Comhairle Contae Loch Garman go bhfuil an t-oideachas lárnach ó thaobh cur chun cinn geilleagrach agus sóisialta an Chontae agus ó thaobh torthaí níos fearr a bhaint amach dár saoránaigh. Cothóimid cultúr gnóthachtála oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil le deiseanna le forbairt a dhéanamh ar scileanna oideachais agus ar fhórsa saothair atá oilte chomh maith le teacht a bheith ar dheiseanna oideachais neamhfhoirmiúla.

- ◆ Tacú le Fo-choiste an Choiste um Fhorbairt Oideachais Pobail Áitiúil chun a bheith mar thiománaí maidir le hathruithe a dhéanamh agus deiseanna oideachais níos fearr a chur ar fáil dár saoránaigh.
- ◆ Oibriú lenár gcomhpháirtithe chun tacú le hoideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar fud gach earnála.
- ◆ Ról gníomhach a ghlacadh chun Ollscoil a fháil don Oirdheisceart.
- ◆ An tSeirbhís Leabharlainne a úsáid le foghlaim agus litearthacht a chur chun cinn ag gach tráth den saol trí dheiseanna foghlama neamhfhoirmiúla, tacaíocht litearthachta digití agus an clár Ceart chun Léitheoireachta a chur ar fáil.
- ◆ Cláir inbhuanaithe pobal bhunaithe a chur ar fáil le réitigh áitiúla a spreagadh le haghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta.
- ◆ Tacú le forbairt leanúnach Ionad na hÉireann do Thaighde agus Teagasc Ollscoil Dheisceart Georgia i gContae Loch Garman.



Barr Feabhais do Chontae den Scoth

Tá Comhairle Contae Loch Garman tiomanta do sheirbhísí éifeachtúla, nuálacha atá ar ardchaighdeán a sheachadadh, ag cur caighdeáin sáchleachtais i bhfeidhm agus ag cinntiú córas leanúnach feabhsúcháin.

a. Seirbhísí ar Ardchaighdeán a Chur ar Fáil

Seirbhísí éifeachtúla ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí shárchleachtas a chur i bhfeidhm agus cultúr leanúnach feabhsúcháin a neadú san eagraíocht.

- ◆ Cur le bunú Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí chun taithí dhearfach saoránach a chinntiú.
- ◆ An Plean Gníomhaíochta Comhionannais a athnuachan agus a athbhreithniú lena chinntiú go bhfaightear réidh le hidirdhealú, go gcuirtear comhionannas agus cosaint cearta daonna na foirne agus an phobail chun cinn, mar a ndéantar foráil dó san (Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2017), Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
- ◆ Feabhas a chur ar Chumarsáid Chorparáideach ar mhaithe le feabhas a chur ar fheasacht an phobail agus ar an aitheantas ó thaobh seirbhísí na Comhairle, m.sh. feasacht an phobail ar Sheirbhís Dóiteáin Chomhairle Contae Loch Garman, feachtais feasachta Timpeallachta, srl.
- ◆ A chinntiú, trí chur le chéile, trí chur i bhfeidhm agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna seachadta seirbhíse bliantúla, go mbíonn tuiscint ar Shaoránaigh, ag Comhaltaí Tofa agus ag an bhfoireann ar na cuspóirí ó thaobh seirbhísí a chur ar fáil.
- ◆ Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar láithreán gréasáin na Comhairle lena chinntiú go leantar leis an tseirbhís agus an fhaisnéis is fearr is féidir a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais saoránach.
- ◆ Clár leanúnach Athbhreithnithe Próiseas Gnó do gach próiseas a bhaineann le gníomhaíocht ar fud na heagraíochta a bhunú ar mhaithe leis an éifeachtúlacht is fearr is féidir a chur ar fáil ó thaobh úsáid a bhaint as acmhainní agus as leithdháileadh.
- ◆ Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhís i gcoinne Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta agus Áitiúla NOAC trí thagarmharcáil rialta agus anailís trasearnála.
- ◆ Suirbhéanna Sástachta Custaiméirí a dhéanamh ar bhonn rialta agus bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna seo, pleananna gníomhaíochta spriocdhírthe le haghaidh feabhais a ullmhú.

b. Ceannaireacht Dhaonlathach

Feabhas a chur ar an Daonlathas Áitiúil agus ar Ról na gComhaltaí Tofa trí thacú le comhaltaí tofa agus ceannairí pobail i dtabhairt faoina gcuid ról ionadaíochta ar bhealach éifeachtach.

- ◆ Tacú le Comhaltaí Tofa trí fhaisnéis, oiliúint agus saoráidí a sholáthar chun go mbeidh siad ábalta tabhairt faoin gcuid ról.
- ◆ Tacú le tionscnaimh Phobail sa Cheantar Bardasach trí mhaoiniú atá ar fáil ón Leithdháileadh Ginearálta Bardasach.
- ◆ Acmhainní agus Tacaíocht sna Ceantair Bhardasacha.
- ◆ Cur an méid is féidir le ról forbartha beartais Choistí um Beartais Straitéiseacha na Comhairle agus a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis go léir ag na comhaltaí maidir le roghanna Beartais chun cuidiú leo ó thaobh an phróisis breithniúcháin.
- ◆ Leanúint den obair leis an nGarda Síochána ag leibhéal an cheartais bhardsaigh agus an chomhchoiste póilíneachta chun aghaidh a thabhairt air agus léiriú a dhéanamh ar réimsí údar imní agus gníomhaíochta.
- ◆ A chinntiú go gcuirtear tuairimí na gcomhaltaí tofa in iúl go héifeachtach agus go ndéantar ionadaíocht orthu ar eintitis stáit seachtracha ar nós Bonneagar Iompair Éireann, (TII) agus Uisce Éireann.



C. Fórsa Saothair don Todhchaí

A chinntiú go ndéantar cumasú ar an fhoireann go léir agus go bhfuil siad ullmhaithe chun freastal ar na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair do Chomhairle Contae Loch Garman, trí thionscnaimh oiliúna agus forbartha foirne atá réamhghníomhach.

- ◆ Forbairt a dhéanamh ar straitéis earcaíochta forásach a mheallann na hiarratasóirí is fearr chun na heagraíochta (a bheith mar rogha fostóir).
- ◆ Timpeallacht oibre atá cothrom, sábháilte agus sláintiúil do gach fostaí a chinntiú de réir na reachtaíochta agus na dtreoirínte ábhartha.
- ◆ Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht agus le cumas na foirne trí dheiseanna oiliúna, foghlama agus forbartha atá bunaithe ar riachtanais a sheachadadh.
- ◆ Cultúr bainistíochta feidhmíochta a neadú laistigh den eagraíocht trí chóras bainistíochta feidhmíochta atá nuálach agus sainoiriúnaithe a fheidhmiú laistigh den eagraíocht a chuireann an méid is fearr is féidir le hinniúlacht agus le spreagadh daoine aonair agus na foirne faoin bplean corparáideach.
- ◆ Rannpháirtíocht dhearfach fostaí a chur chun cinn trí bhealaí Cumarsáide Inmheánacha Foirne agus trí líonraí ar fud na heagraíochta a fheabhsú.
- ◆ Creat sláinte agus folláine a fhorbairt laistigh den eagraíocht a chuimsíonn monatóireacht agus bainistíú leanúnach a dhéanamh ar shaoire bhreuiteachta na foirne agus a chuireann folláine foirne chun cinn.



6.0 An Plean atá againn a chur i bhFeidhm agus Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh air

Bunaítear tosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle sa phlean seo agus an méid atá súil againn a bhaint amach sna cúig bliana atá amach romhainn. Beidh cur chuige comhpháirtíochta i gceist idir comhaltaí tofa, an fhoireann, na pobail, saoránaigh agus gníomhaireachtaí stáit, chun go gcuirfear an plean seo a chur i bhfeidhm go rathúil.

Tarlóidh athrú ar imthosca go cinnte i réimse amháin nó níos mó réimsí oibríochta de chuid na Comhairle thar shaolré an plean seo agus ní mór na hathruithe seo a aithint trí mhonatóireacht agus trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh.

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil

Beidh an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil ar an bpróiseas príomhúil le bainistiú agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Ullmhófar nuashonrúcháin ráithiúla ar an bplean agus scaipfear iad ar na páirtithe go léir.

Áireofar táscairí feidhmíochta cuí, leibhéil soláthair seirbhíse bonnlíne agus spriocanna gaolmhara sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil le deis a thabhairt le feidhmíocht a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht sin.

Tuarascáil Bainistíochta Mhíosúil

Chomh maith leis sin, ullmhóidh gach rannóg den Chomhairle tuarascáil bainistíochta mhíosúil a bheidh mar chuid de chur i láthair Thuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh agus le plé ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus ag cruinnithe míosúla na Comhairle.

Mar chuid den Chóras Bainistíochta Feidhmíochta, tá Córas Bainistíochta Foirne Inmheánach (TMS) bunaithe do gach aon Rannóg agus do fho-rannóg príomha na Comhairle lena n-aithneofar go sonrach dul chun cinn mionsonraithe an Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil agus déanfar an dul chun cinn a rangú le córas rianaithe dearg, buí agus uaine le sainathint a éascú.

Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul chun Cinn

Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn ar an bPlean Corparáideach ar fáil ag deireadh gach aon bhliain. Cuimseofar an tuarascáil seo sa Tuarascáil Bhliantúil.

Léireofar sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn réimse gníomhaíochta nó tascanna nár freastalaíodh ar na caighdeáin feidhmíochta agus áireofar go sonrath athbhreithniú ar acmhainní agus beartais a bheidh riachtanach le haghaidh a thabhairt ar aon saincheist shonrach.

Tagarmharcáil a dhéanamh ar Fheidhmíocht

Ullmhófar tuarascáil bhliantúil tagarmharcála agus cuirfear táscairí feidhmíochta a bheidh roghnaithe i gcomparáid le táscairí inchomparáide Údarás Áitiúil agus aithneofar réimsí ina bhfuil go leor bainte amach agus réimsí lena bhfuil breithniú agus aird bhreise riachtanach.

Athbhreithniú Leath Bealaigh tríd an bPlean

Mar gheall ar an nádúr fuinniúil agus leathan a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil, breithnítear go mbeidh sé riachtanach athbhreithniú lár téarma a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach sa bhliain 2022 agus beidh babhta iomlán comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara i gceist leis seo.

Achoimre

Ní féidir cuspóirí uailmhianacha an Plean Corparáideach a bhaint amach ach amháin trí chur chuige comhordaithe lena mbaineann ceangal díreach idir an Plean seo, pleananna seachadta seirbhíse bliantúla agus pleananna bainistíochta foirne. Beidh sé seo ríthábhachtach ó thaobh chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an Straitéis Chorporáideach agus ar Chuspóirí na Comhairle.



Aguisín

Aguisín 1.

Liosta táscach de Straitéisí/pleananna a imríonn tionchar ar Loch Garman.

Náisiúnta/AE

- ◆ Treochlár do Chuimsiú Sóisialta: Uaillmhianta, Spriocanna agus Tiomantais 2019 - 2025 Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Fearr: An creatbheartas náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014 - 2020
- ◆ Tús Áite do Leanaí - Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (DCYA)
- ◆ Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2019 chun Dul i nGleic le Teip ó Thaobh na hAeráide (2019)
- ◆ DCCAE: An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándaála <https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Internet-Policy/cyber-security/national-cyber-security-strategy/Pages/NCSC-Strategy.aspx> agus le haghaidh comhairliúcháin atá ar siúl faoi láthair <https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/consultations/Pages/2019-National-Cyber-Security-Strategy.aspx>
- ◆ DCCAE: An Straitéis Náisiúnta Digiteach <https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Digital-Strategy/Pages/default.aspx>
- ◆ Nuálaíocht DEBI 2020 <https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Innovation-2020.pdf>
- ◆ An Margadh Aonair Digiteach https://ec.europa.eu/commission/priorities/digital-single-market_en
- ◆ Straitéis ríomhRialtais <https://egovstrategy.gov.ie/>
- ◆ Treoir AE maidir le ‘Tuilte’
- ◆ Straitéis AE maidir le Dul in Oiriúint d’Athrú Aeráide
- ◆ Córas Feasachta Tuile na hEorpa (EFAS)
- ◆ Pleananna Bainistíochta agus Léarscáileanna maidir le Riosca Tuilte atá curtha ar fáil faoi CFRAM Náisiúnta, clár (Plean Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair) (floodinfo.ie)
- ◆ Treoirlínte maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Bainistíocht Riosca Tuilte
- ◆ Plean Feidhmithe Straitéis ICT an Rialtais Áitiúil
- ◆ Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Muirí (atá le glacadh i Ráithe 3 den bhliain 2019)
- ◆ Plean Straitéiseach Met Éireann 2017 - 2027 <https://www.met.ie/about-us/strategy>
- ◆ An Creat Náisiúnta um Oiriúnú (2018)
- ◆ An Plean Náisiúnta Leathanbhanda a Dhéanann Seachadadh ar Shochaí atá Nasctha

- ◆ An Plean Forbartha Náisiúnta
- ◆ An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú do Dhaoine faoi Mhíchumas (2017 - 2021)
- ◆ An tSeirbhís Náisiúnta um Réamhaisnéis agus Rabhadh Tuile (sonraí ó stáisiúin mhonatóireachta - waterlevel.ie)
- ◆ An Plean Oidhreachta Náisiúnta - Oidhrecht Éireann 2030
- ◆ Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (NHSPWD)
- ◆ An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (atá le glacadh faoi dheireadh na bliana 2020)
- ◆ An Creat Náisiúnta Pleanála 2040 <http://npf.ie/>
- ◆ An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach
- ◆ Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Sóisialta in Éirinn 2019 - 2022
- ◆ An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 - 2027
- ◆ An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú na Romach agus an Lucht Siúil 2017 - 2021
- ◆ An Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid
- ◆ Sonraí oscailte <https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-public-expenditure-and-reform/?referrer=/wp-content/uploads/draft-open-data-strategy-2017-2022.pdf/>
- ◆ Ár bPobail: Creatbheartas maidir le Forbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn
- ◆ Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumhachtú
- ◆ Ár Seirbhís Phoiblí 2020 <https://ops2020.gov.ie>
- ◆ Daoine, Áit, Beartas - Ag Fás na Turasoíreachta go dtí 2025 agus na Pleananna Gníomhaíochta Turasoíreachta Gaolmhara
- ◆ Beartas ar Fáil agus ar Dhiúscairt Réadmhaoine
- ◆ Prótacail ar Aistriú agus ar Roinnt Sócmhainní Réadmhaoine
- ◆ Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí
- ◆ Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí <https://www.osi.ie/news/public-service-data-strategy-2019-2023/>
- ◆ Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí
- ◆ An Cód Caiteachais Poiblí, DPER, 2013
- ◆ Plean Gníomhaíochta Atógáil na hÉireann do thithíocht do dhaoine gan dídean
- ◆ Beartas Leictreachais In-athnuaite agus Creat Forbartha (REPDF)
- ◆ Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018 - 2021
- ◆ Beartas Forbartha Tuaithe 2020+ An chéad chéim eile
- ◆ An Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo

Náisiúnta/AE ar lean

- ◆ Pobail Inbhuanaithe, Uillechuimsitheacha agus Cumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis na hEarnálacha Poiblí agus Deonacha in Éirinn (atá le foilsiú sa bhliain 2019)
- ◆ An Straitéis Náisiúnta Teanga 2010 - 2030
<https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2019/04/action-plan-1-2018-2022-1.pdf>
- ◆ An Plean Teagmhais Náisiúnta maidir le Doirteadh Ola (DTTAS) (atá le foilsiú Meán Fómhair 2019)
- ◆ An Plean Náisiúnta um Chuardach agus Tarrtháil (DTTAS) (atá le foilsiú i mí Iúil 2019)
- ◆ Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta: Straitéis Infheistíochta 2016 - 2022
- ◆ Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2018 - 2025.
- ◆ Treoir WHO maidir le Cathracha Domhanda Aoisbhácha
- ◆ Treoir maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt (WEDGS)

Réigiúnach

- ◆ Cláir Oibríochta ERDF 2014 - 2020
- ◆ Bainistíocht Riosca Tuilte. Pleananna agus Léarscáileanna, lena n-áirítear, pleananna áitiúla ábhartha (floodinfo.ie/publications/)
- ◆ Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Oirdheiscirt 2010 - 2022
- ◆ Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta (ar Feitheamh)
- ◆ Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt (ar Feitheamh)
- ◆ Straitéis Forbartha Geilleagraí an Oirdheiscirt (SEEDS) 2013 - 2023
- ◆ Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine an Oirdheiscirt 2013 - 2016
- ◆ Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- ◆ Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt

Áitiúil

- ◆ Plean Forbartha Loch Garman 2019 - 2015
- ◆ Pleananna Ceantair Áitiúil
- ◆ Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman (LECP)
- ◆ Straitéis Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil Loch Garman
- ◆ Straitéis Ealaíon Chontae Loch Garman 2018 - 2021
- ◆ Plean Bainistíochta Bruscair Chontae Loch Garman
- ◆ Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Loch Garman
- ◆ Straitéis Contae Aoisbháúil Loch Garman
- ◆ Plean Straitéiseach PPN Chontae Loch Garman (Líonraí Rannpháirtíochta Pobail)
- ◆ Seirbhís do Leanaí agus do Dhaoine Óga
- ◆ Forfheidhmiú Feidhmíochta Fuinnimh i bhFoirgnimh
- ◆ Creat d'Údaráis Rialaithe Foirgníochta - riar, cigireacht agus forfheidhmiú maidir le Rialú Foirgnimh
- ◆ Straitéis Oiriúnaithe Athrú Aeráide Chomhairle Contae Loch Garman
- ◆ Straitéis Dhigiteach Chomhairle Contae Loch Garman
- ◆ Faireachas Margaidh ar tháirgí tógála (I.R. Uimh. 225 de 2013) Rialachán Táirgí Tógála AE Uimh. 305/2011

Aguisín 2. Liosta de Shonraí Bonnline

Réimse Feidhme Seirbhísí Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála

Spríocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modh an Tomhais	Fíor Bhonnline Reatha Oibríochta (<i>bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil</i>)
Pobail a chosaint ó dhóiteáin agus ó éigeandálaí eile, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus de réir beartais náisiúnta	<ul style="list-style-type: none"> ◆ Riosca a aithint agus a bhainistiú agus réiteach a dhéanamh chun freagairt do mhóréigeandálaí de réir an Chreata Bainistíochta do Mhóréigeandálaí ◆ Seirbhís chun dóiteáin a chosc, a chosaint agus a fhreagairt dóiteán a chur ar fáil, atá in oiriúint do bhaol dóiteáin atá aitheanta go háitiúil de réir na treorach náisiúnta ◆ Feidhmíocht maidir le cosc, cosaint agus freagra mar a leagtar amach i noirm agus i gcaighdeáin náisiúnta 	◆ Costas na Seirbhíse Dóiteáin per capita	€43.04
		◆ An t-am a thógann sé briogáidí dóiteáin a shlógadh mar fhreagra ar dhóiteán/teagmhais eile éigeandála	4 nóiméad 38 soicind
		<ul style="list-style-type: none"> ◆ Céatadán de chásanna maidir le dóiteán/teagmhais éigeandála eile ina mbíonn an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de: <ul style="list-style-type: none"> ★ 10 - 20 nóim ★ Tar éis ★ 20 nóim 	<ul style="list-style-type: none"> ◆ 36% ◆ 44% ◆ 20%

Réimse Feidhme: Iompar ar Bhóithre agus Sábháilteacht

Spríocanna Feidhmíochta

- ◆ Feabhsú agus athchóiriú an Líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- ◆ Teacht aniar ó thaobh na haeráide a chinntiú

Clár Tacaíochta

- ◆ Taifeadadh a dhéanamh ar Oibreacha Pábhála, Ríocht Pábhála, Liosta agus Suirbhéanna Dromchla (Meicniúil & ó thaobh Amhairc) ar Chóras Bainistíochta Léarscáile Pábhála

Modh an Tomhais

- ◆ Suirbhé ar Chaighdeán Pábhála do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla (Ciorclán DTTaS RW3/2018)

Modh an Tomhais

Rátáil innéacs ar Chaighdeán an Dromchla Pábhála (PSCI)

A. Fuair an % de bhóithre (a) Réigiúnacha, Príomhbhóithre Áitiúla agus Bóithre (c) den Dara Grád rátáil caighdeán PSCI sna 24 mí roimh an 31/12/2019 agus fuair (d) bóithre Áitiúla rátáil caighdeán PSCI sna 60 mí roimh 31/12/2019

B. An % de chiliméadar bóithre (a) Réigiúnacha, (b) Príomhbhóithre Áitiúla (c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád arbh ionann iad agus an líon ciliméadar ag 31/12/ a rátáladh i ngach grúpa de na ceithre ghrúpa sna 10 gcatagóir seo a leanas; 1- 4, 8 agus 9 -10 do gach cineál bóthair.

Oibreacha Bóthair

A. Ciliméadar de Bhóithre Réigiúnacha a neartaíodh le linn na bliana 2019 agus an méid a caitheadh ar an obair sin, agus

B. Ciliméadar de Bhóithre Réigiúnacha a cuireadh dromchla orthu le linn na bliana 2019 agus an méid a caitheadh ar an obair sin,

C. Ciliméadar de Bhóithre Áitiúla (m.sh. iomlán Bóithre Príomha agus Bóithre den Dara Grád a neartaíodh le linn na bliana 2019 agus an méid a caitheadh ar an obair sin.

D. Ciliméadar de Bhóithre Áitiúla a cuireadh dromchla orthu le linn na bliana 2019 agus an méid a caitheadh ar an obair sin.

Réimse Feidhme: Airgeadas

Spríocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modh an Tomhais	Fíor Bhonnlíne Reatha Oibríochta (<i>bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil</i>)
<ul style="list-style-type: none"> ◆ Tacú agus feabhas a chur ar shreabhadh airgid, bainistiú cisteáin agus bainistiú airgeadais ◆ Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht v buiséad ◆ Tacú le agus billeáil ioncaim, aisghabháil stáit agus gníomhaireachta agus bainistíocht éifeachtach ar fhiacha atá tráthúil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. ◆ Feidhmíocht airgeadais ag deireadh na bliana <p>Clár Iniúchóireachta a sheachadadh chun tacú leis an fheidhm iniúchóireachta</p> <ul style="list-style-type: none"> ◆ Clár lasachtaí Tithíochta a sheachadadh 	<ul style="list-style-type: none"> ◆ Sreabhadh airgid/monatóireacht cisteáin ◆ Monatóireacht Ráithiúil/Tuarascálacha Tráthúla ◆ Bainistiú Fiacha/rialú creidmheasa ◆ Ráitis Airgeadais Bhliantúla ◆ Plean Oibre Iniúchóireachta ◆ Próiseas iarratais maidir le hlarratas Éifeachtúlachta Tithíochta 	◆ % de laethanta gnó i rótharraingt in aghaidh na bliana	53%
